C/2026/4907

18.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12428 — TENARIS / ARTROM)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4907)

1. An 7 Meán Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Tenaris S.A. ('Tenaris', Lucsamburg), faoi rialú deiridh San Faustin S.A. (Lucsamburg)

— Artrom Steel Tubes S.A. ('Artrom', an Rómáin).

Gheobhaidh Tenaris rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Artrom ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir domhanda feadán cruach agus seirbhísí gaolmhara é Tenaris le haghaidh feidhmeanna ola agus gáis agus feidhmeanna tionsclaíocha eile. Tá Tenaris liostaithe go poiblí ar stocmhalartáin Nua-Eabhrac, na hIodáile agus Mheicsiceo. Oibríonn Tenaris saoráidí monaraíochta feadán cruach éagsúla san Aontas, in Arcore agus Bergamo (an Iodáil), agus in Zalău agus Călărași (an Rómáin). Lasmuigh de LEE, oibríonn Tenaris saoráidí san Airgintín, sa Bhrasaíl, i gCeanada, sa tSín, sa Cholóim, in Eacuadór, san Indinéis, sa Chasacstáin, i Meicsiceo, sa Nigéir, san Araib Shádach, in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.

— Is monaróir Rómánach feadán cruach le haghaidh feidhmeanna tionsclaíocha é Artrom. Oibríonn Artrom saoráid monaraíochta feadán cruach in Slatina (an Rómáin) agus saoráid déanta cruach ina dtáirgtear barraí cruach le haghaidh monaraíocht feadán cruach in Resita (an Rómáin).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12428 — TENARIS / ARTROM

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË